# 2. Cúige Chonnacht

**Dáta an chláir:** 02.11.08

**Eochair: NÓM =** Nollaig Ó Muraíle, MH = Mícheál Holmes

**Athscríobh:**

**MH:** Cé as a dtáinig na hainmneacha sin i gCúige Chonnacht nó cén míniú, cén bunmhíniú atá leo? Seo é Nollaig Ó Muraíle leis an bhfreagra

NÓM: Tá cúig chontae i gConnachta sa lá atá inniu ann.

Ag tosú in ord aibítre le **Gaillimh,** nó Gaillimh nó an Ghaillimh más Muimhneach thú. Agus tagann sé sin ón bhfocal 'gall' agus ní gall a chiallaíonn eachtrannach nó duine ón taobh amuigh nó Sasanach ná aon ní mar sin ach seanfhocal a chiallaigh cloch mhór, nó cloch ollmhór, gallán cloiche, úsáidtear an focal 'gallán' i gcónaí ach ní mhaireann an bhfocal 'gall' sa bhrí sin níos mó, mar sin ainm abhann a bhí ann, **Gaillimh** mar sin - áit a raibh clocha móra, clocha ollmhóra, sin an abhainn bheag ar a dtugtar anois **An Choirib.** Níl aon bhunús dá bhrí sin leis an seanmhiotas a fheiceann tú go minic i leabhra do thurasóirí agus mar sin de go bhfuil an t-ainm bunaithe ar *Galvia,* ainm banphrionsa a bádh san áit, sin dinnseanchas, sean nós mínithe

MH: Abhainn ina bhfuil carraigeacha móra?

NÓM: Carraigeacha móra, agus luaitear é don chéad uair sa bhliain 1125 sna hannála, agus luaitear 'caisleán Bona Gaillmhe', an caisleán a togadh ag bun Gaillimhe, bun na habhann sin, sin an caisleán a thóg Turlach Mór Ó Conchubhair, an chéad chaisleán sa taobh sin tíre

NÓM: Sin Gaillimh, ansin an dara ceann, **Liatroim,** sin 'liath' agus 'droim' agus má chuireann tú 'liath' agus 'droim' le chéile, déantar 't' as na consain sa lár agus mar sin 'droim liath' a bheadh air níos deireanaí. Léiríonn an t-ainm a bheith mar sin leis an aidiacht chun tosaigh gur seanainm é

MH: Agus droim sa chás seo, talamh ard?

NÓM: Talamh ard, cnoc, cnoc fada agus béarlaítear é go minic mar 'ridge' agus a leithéid sin. Sin ceann amháin de na míreanna a bhaineann le baill choirp, a úsáidtear i logainmneacha tá 'más' agus tá 'tóin' agus tá 'ceann' agus mar sin de agus 'cos' nó 'cois', mar an gcéanna seo 'droim', b'fhéidir ceann de na cinn is coitianta

MH: Agus liath, an dath liath?

NÓM: An dath liath, anois ceist ollmhór céard a spreag ainm mar sin, cén ghné den droim a bhí liath nó céard a rinne liath é nó céard go baileach a chiallaíonn liath. Aistrítear é go minic mar 'grey' ach úsáidtear liath ag tagairt do rudaí éagsúla, dath an uisce, mar shampla, deirtear go bhfuil sé liath ní leor díreach aistriú 'grey', 'grey ridge', céard a chiallaíonn sé sin? Níl a fhios againn, sin ceist níos doimhne, ní fhéadfaimis dul isteach ansin. Ach tá sé spéisiúil, níl aon trácht ar an ainm seo go dtí an bhliain 1491, is é sin sna hannála, nó in aon cháipéisí eile ach is cinnte go raibh sé ann b'fhéidir cúig chéad bliain roimhe sin mar dá mbeadh sé á chumadh as an nua faoin mbliain 1491 is cinnte gur 'droim liath' a bheadh ann ach 'liath droim', ciallaíonn sé sin go bhfuil sé roinnt níos sine

Anois, an chéad cheann eile, mo chontae féin, **Maigh Eo** nó Mag nEo sa tSean-Ghaeilge nó Magh nEo Saxonum mar a tugadh air, Maigh Eo na Sacsan mar is ann a bhí mainistir cháiliúil Sasanach nó Sacsanach a bunaíodh ag deireadh an seachtú haois, thart faoin mbliain 700 agus an chéad tagairt dó, ní i gcáipéis Éireannach atá sé ach i stair Shasana leis an *Venerable Bede,* manach as *Jarrow.* Scríobhadh an saothar seo sa bhliain 731 agus tá cuntas ann ar an gcaoi ar bunaíodh an mhainistir úd i Maigh Eo, Magh nEo, agus míníonn sé céard é féin

MH: Magh nEo Sacsónan

NÓM: 'maigh', ciallaíonn sé talamh réasúnta réidh, 'plain' a úsáidtear i mBéarla agus 'eo', is focal an-suimiúil é, tá trí shampla den fhocal eó, E-O, i bhfoclóir na Sean-Ghaeilge le trí bhríonna éagsúla. An chéad ceann acu, agus an ceann atá i gceist anseo, crann iúir, an focal 'iúr' anois, 'iubhar'...

MH: An mbeadh sé sin cosúil le 'eochaill'?

NÓM: Sea, an focal céanna, an mhír céanna, eochaill, agus sin sampla eile de chomhfhocal, seachas 'coill eo' is 'eo-chaill', a léiríonn go bhfuil sé an-sean chomh maith ach tá, má fhéachann tú san fhoclóir, tá an dara brí le 'eo', ciallaíonn sé 'bradán' agus an tríú ceann 'dealg'. Tá an dá úsáid dheireanacha sin cineál gann, gheobhaidh tú i bhfilíocht iad, seanfhilíocht agus a leithéid ach an ceann seo 'eo' tá sé le fáil minic go leor agus sin an tuiseal ginideach iolra, an tuiseal ginideach uatha, 'Í', atá le i fada...

MH: Taispeánann sé go raibh go leor crainnte i **Maigh Eo** fadó

NÓM: Ach an 'Í', tá sé le fáil in **Áth Í,** Athy

MH: Aon chrann amháin?

NÓM: Aon chrann amháin agus san ainm pearsanta Naithí nó Daithí

Ansin, **Ros Comáin.** 'Ros', focal atá le fáil go minic in a lán logainmneacha, **Ros Muc** agus mar sin de. Chiallaigh sé i dtosach, talamh crochta nó talamh ard. Minic go leor le crainnte ag fás air mar sin agus amantaí úsáidtear ros leis an gciall 'coill', nó amantaí le 'talamh ard' nó 'coill ar thalamh ard' agus ansin 'Comáin', sin Naomh Comán, naomh a bhain leis an gceantar agus tá trácht den chéad uair ar an áit sna hannála faoin mbliain 742 is suimiúil an rud é go bhfuil na hainmneacha seo, a lán acu, sách sean

An ceann is sine ar fad acu, **Sligeach**

MH: Áit a bhfuil sliogáin, tá fhios agam féin é sin

NÓM: Sliogáin. Bhuel cé gur bhuail mé le duine san áit le déireanas a bhí ag iarraidh a chur ina luí orm gur slí an dá áth a bhí ann, go raibh an áit tógtha idir dhá áth, 'the place between the two fords', a dúirt sé. Agus ba chuma cé mhéad argóna a rinne mé, ní raibh sé sásta glacadh leis céard a dhéanann tú i gcás mar sin? **Sligeach,** áit na sliogán, ainm abhann arís, an abhainn ar a dtugtar anois **An Gharbhóg,** agus seo an ceann is sine ar fad, tá tagairt dó seo in annála Uladh faoin mbliain 543, troideadh cath ar an abhainn sin sa bhliain sin de réir na n-annála

## Ceisteanna

1. Cé mhéad contae atá i gCúige Chonnacht sa lá atá inniu ann?

2. De réir miotais tá an t-ainm 'Gaillimh' bunaithe ar bhanphrionsa a bádh san áit, céard is ainm di?

3. Cad is ainm don abhainn atá i gceist san ainm 'Gaillimh'?

4. Céard a insíonn sé dúinn faoi aois logainm nuair a thagann an aidiacht chun tosaigh i logainm, mar shampla Liatroim (liath + droim)?

5. Deir Nollaig gur mír é 'droim' a bhaineann le baill coirp, luann sé ceithre mhír eile a bhaineann le baill coirp, luaigh iad.

6. Cén focal a chiallaíonn 'crann iúir', 'bradán' agus 'dealg' san fhoclóir Sean-Ghaeilge?

7. Is é 'Í' an tuiseal ginideach uatha den mhír 'eo'. Cén logainm a luann Nollaig a bhfuil 'Í' ann?

8. Cén dá chiall atá leis an mír 'ros' i logainmneacha?

9. Cad is ainm don abhainn atá i gceist san ainm Sligeach?

10. Meaitseáil na contaetha leis na mbríonna atá leo dar le Nollaig Ó Muraíle.

| Contae | Brí |
|---|---|
| Gaillimh | ainm abhann ina bhfuil a lán sliogán |
| Liatroim | ainm abhann ina bhfuil carraigeacha móra |
| Maigh Eo | liath + droim .i. an droim liath |
| Ros Comáin | maigh na n-iúr |
| Sligeach | coill Naomh Comán |